



# ÁRAS STAIR NA HEORPA

## ACMHAINN 9

### Cad atá i gceist le bheith i do Thurc-loruach

Rugadh **Nefise Özkal Lorentzen** in Ankara, agus is scríbhneoir, déantóir scannán, léiritheoir agus iriseoir Turc-loruach í a bhfuil cónaí uirthi in Osló. Tá ocht gcinn de chlár faisnéise léirithe aici a dhéileálann le roinnt téamaí conspóideacha agus tá leabhar filíochta agus úrscéal don aos óg foilsithe aici. Bhí sí ina comhúdar freisin ar théacsleabhar Ioruaise a mhúineann conas Tuircis a fhoghlaim. Ina cuid oibre, tá dóchas aici gur féidir léi an iliomad scéalta nach bhfuil insint fós orthu a chur os comhair an phobail. Creideann sí gur leis an óige a thosaíonn an t-athrú. Bunaithe ar an gcreideamh sin, rinne sí sraith de chlár do leanaí faoin éagsúlacht agus craoladh an tsraith sin ar an teilifís san Iorua.



**NEFISE ÖZKAL LORENTZEN**  
director (Oslo)

„I think history is something which moves, and I think we also create our own history.“

- ‘Is Eorpach go smior mé agus is Áiseach go smior mé agus tá an Mheán-Oirthear go smior ionam freisin, ach ní gá dom a roghnú cé mé féin ná sainmhíniú ar leith a thabhairt ar cé mise.’
- ‘Níl aon chreideamh agam i bhfréamhacha. Is ag crainn amháin atá fréamhacha. Gluaisimse.’
- ‘Sílím gur rud í an stair a bhíonn ag gluaiseacht, agus sílim gur muidne muid féin a chruthaíonn ár stair féin.’


Foinse: *Gluaiseacht na n-imirceach sa stair*



## ÁRAS STAIR NA HEORPA

### A bheith i do Ghearmánach i Vársá

Is sa Ghearmáin a rugadh **Steffen Möller** agus is aisteoir, fuirseoir agus scríbhneoir é a bhfuil cónaí air sa Pholainn, san áit is mó a mbíonn sé ag obair. Chaith sé roinnt blianta ag obair mar mhúinteoir Gearmáinise sa Pholainn sular bhuaigh sé an dara duais i gcomórtas grinn PAKA sa Pholainn. Réitigh sé sin an bealach dó le bheith ina réalta teilifíse. In 2005, scríobh sé a chéad leabhar dar teideal ‘Polska da sie lubić’, a foilsíodh sa Ghearmáin mar ‘Viva Polonia – als deutscher Gastarbeiter in Polen’ (Fadsaoil don Pholainn – mise mar aoi-oibrí Gearmánach sa Pholainn). Sa leabhar sin, tugtar léargas pearsanta dúinn ar an bPolainn agus ar mheon na bPolannach. Bhí ráchairt mhór ar an leabhar sa Ghearmáin.



**STEFFEN MÖLLER**  
writer, actor (Warsaw)

„Today, I am an *in-between*.  
My home is the Eurocity  
between Berlin and Warsaw.“

- ‘Rugadh mar Ghearmánach mé, ach ar chuma éigin is anam Polannach atá ionam.’
- ‘Tá muintir na Polainne sásta gur tháinig duine éigin ar imirce ón nGearmáin Thiar: Ó, féach, is tír inimirce atá againne freisin agus sinn ag glacadh isteach aoi-oibríthe as an nGearmáin!’
- ‘Inniu, tá cos agam ar gach aon taobh den chlaí. Is í an traein Eurocity idir Beirlín agus Vársá an baile atá agam.’

Foinse: Gluaiseacht na n-imirceach sa stair